

Cuntas Leithreasa 2024

Vóta 13

Oifig na nOibreacha Poiblí

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 13, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 i gcomhair thuarastail agus speansais Oifig na nOibreacha Poiblí, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, chun deontais áirithe a íoc agus chun caiteachas áirithe a fhorchúiteamh.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2024, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear barrachas €12.355 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Tabhaíonn Oifig na nOibreacha Poiblí caiteachas thar ceann ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais freisin. Tá an caiteachas a tabhaíodh thar a gceann leagtha amach i nóta 2.16 (Seirbhísí gníomhaireachta a sholáthar). De bhreis air sin, soláthraíonn an Oifig seirbhísí gaolmhara thar ceann an Stáit toisc go mbíonn an Oifig in ann na seirbhísí sin a fheidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla ná mar a bhíonn na ranna agus na hoifigí is úsáideoirí. Maidir le caiteachas i ndáil leis an Oifig ar caiteachas é a iompraítear in áit eile agus i ndáil le costais na seirbhísí comhroinnte a soláthraíonn an Oifig iad do Vótaí eile, tá sé leagtha amach i nóta 1.1 (Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara).

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Rinne an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh a leagan amach i gclár 20 de 2024. Áirítear leis sin úsáid a bhaint as roinnt Caighdeáin Cuntasaíochta Rialtais Láir (CGASanna) a tugadh in éifeacht ón 1 Eanáir 2024 i leith. Cuireadh iad sin chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas mar atá mínithe thíos.

Maoluithe ar chur chun feidhme na gcaighdeán cuntasaíochta

Chun aistriú an chuntais leithreasa chuig Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir a éascú, fuair an Oifig maoluithe (iomlána nó páirteacha) i leith na gcaighdeán seo a leanas.

Maolú iomlán ar CGAS 13: Léasanna

Níor aicmíodh léasanna atá i seilbh Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) idir léasanna airgeadais agus léasanna oibriúcháin ná níor nochtadh iad ar leithligh. Cuireadh tús le tionscadal athbheithniúcháin agus meastar go mbainfear comhlíonadh iomlán Chaighdeán Cuntasaíochta an Rialtais Láir seo amach do Chuntas Leithreasa 2025.

Maolú páirteach ar CGAS 17: Réadmhaoin, Fearas, agus Trealamh

Ní dhearnadh athluacháil fós ar réadmhaoin áirithe, a chuimsíonn talamh agus/nó foirgnimh a aithnítear ar chostas, ar chostas tógála agus ar luach margaidh, agus ní

dhearnadh athluacháil ar gach sócmhainn laistigh de gach fo-aicme sócmhainní ar dhátaí comhchosúla. Cuireadh tús le tionscadal athbhreithniúcháin agus meastar go mbainfear comhlíonadh iomlán Chaighdeán Cuntasaíochta an Rialtais Láir seo amach laistigh de thrí bliana.

Maolú iomlán ar CGAS 21 agus ar CGAS 26: Lagú Sócmhainní Neamh-Ghineála Airgid agus Lagú Sócmhainní a Ghineann Airgead Tirim

Ní dhearnadh athbhreithniú ar luach anonn sócmhainní a ghineann airgead ná luach anonn sócmhainní nach ngineann airgead le haghaidh táscairí bearnúcháin agus, dá bhrí sin, ní dhearnadh aon choigeartuithe ar luachanna anonn sócmhainní sa bhliain. Cuireadh tús le tionscadal athbhreithniúcháin agus meastar go mbainfear comhlíonadh iomlán Chaighdeán Cuntasaíochta an Rialtais Láir seo amach do Chuntas Leithreasa 2025.

Maolú páirteach ar chiorclán 20 de 2024 i ndáil le ceangaltais

Áirítear fós leis na luachanna is inchurtha i leith na gceangaltas i Nóta 2.15 (a) na ceangaltais uile, seachas na ceangaltais sin ina bhfuil Conradh neamh-inchealaithe ann agus iad sin amháin. Cuireadh tús le tionscadal athbhreithniúcháin agus meastar go mbainfear comhlíonadh amach do Chuntas Leithreasa 2025.

Luacháil ar shócmhainní

Déantar tailte agus foirgnimh atá faoi úinéireacht an Stáit agus a bhíonn á rialú nó á mbainistiú ag an Oifig a luacháil tríd an mbonn seo a leanas a úsáid.

- Úsáideadh an margadhluach i leith réadmhaoine dá bhfuil comparáidí margaidh ar fáil. Cuireadh coigeartú ar áireamh i nóta 2.1 le haghaidh réadmhaoine a athluacháladh de réir luach margaidh le linn na bliana 2024 mar chuid den athbhreithniú ar chaighdeán cuntasaíochta CGAS 17: Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh.
- I gcás nach bhfuil comparáidí margaidh ar fáil, déantar réadmhaoine a fuarthas nó a ceannaíodh roimh an 1 Eanáir 1995 nó a tógadh roimh an 1 Eanáir 1997 a luacháil bunaithe ar ghnásanna costais tógála agus ar luachanna barúlacha láithreáin. Déantar réadmhaoine a ceannaíodh ón 1 Eanáir 1995 i leith nó a tógadh ón 1 Eanáir 1997 i leith a luacháil ar a gcostas.
- Rinneadh luacháil aonair ar réadmhaoine ardghradaim, agus modh an chostais athsholáthair á úsáid mar mhodh luachála. Tá an costas atógála sin bunaithe ar chur i bhfeidhm rátaí margaidh.
- Luacháiltear ag costas nialasach aon sócmhainní oidhreachta nach féidir a chur in iúl go leordhóthanach i dtéarmaí airgeadais.
- Is catagóirí éagsúla talún agus foirgneamh iad réadmhaoine ilghnéitheacha, lena n-áirítear réadmhaoine tánaisteacha agus talamh carrchlóis. Luacháiltear iad sin ag costas nialasach toisc go gcuirtear an luacháil fhoriomlán don láithreán ar fad ar áireamh ar an bpríomhshócmhainn.

Tá na luachálacha reatha faoi réir roinnt coinníollacha suntasacha agus níor cheart a mheas gur meastachán reatha ar luach inréadaithe iad. Ar dhiúscairt talún agus foirgneamh, athluacháiltear na sócmhainní de réir shuim na bhfáltas díolacháin agus léirítear an gnóthachan nó an cailteanas mar athluacháil ar dhiúscairt i nóta 2.1 (Réadmhaoin, gléasra agus treatlamh).

Ní aithnítear caiteachas caipitil i roinnt réimsí i nóta 2.1 (Réadmhaoin, gléasra agus treatlamh) mar a leanas.

- Ní chuirtear caiteachas ar fheabhsuithe ar fhoirgnimh ar áireamh. Léireofar an t-athrú ar luach ag an gcéad dáta luachála eile.

- Ní chaipitlítear caiteachas ar fheabhsuithe ar fhoirgnimh ar léas.
- Ní chaipitlítear scéimeanna caipitil faoisimh tuile.
- Ní luacháiltear séadchomharthaí náisiúnta ná réadmhaoine stairiúla náisiúnta áirithe.
- Cuirtear saothair ealaíne a fuarthas tar éis an 1 Eanáir 2008 ar áireamh sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil faoin gceannteideal 'daingneáin agus feistis' ar a gcostas stairiúil agus ní athluacháiltear iad. Níor caipitlíodh aon saothair ealaíne a fuarthas roimh an 1 Eanáir 2008.

Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt

Ní dhéantar caiteachas caipitil ar bhreiseanna nua agus caiteachas ina dhiaidh sin a bhaineann le réadmhaoín, gléasra agus trealamh atá aitheanta cheana féin a chaipitliú ach amháin i gcás gur dóigh go sreabhfaidh sochair eacnamaíocha nó acmhainneacht seirbhíse amach anseo a bhaineann leis an mír chuig an Oifig, agus i gcás gur féidir costas na míre a thomhas go hiontaofa.

Cuirtear caiteachas caipitil ar fhorbairtí áirithe nua a chuimsíonn tréimhsí cuntasáíochta éagsúla i gcuntas mar shócmhainn chaipitil atá á forbairt agus aistrítear é chuig an gcatagóir sócmhainní ábhartha tráth chríochnú na forbartha.

Dímheas ar shócmhainní caipitil

Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas ar an mbonn gur leor caiteachas cothabhála leanúnach chun bail mhaith a choinneáil orthu.

Ní dhéantar saothar ealaíne ná sócmhainní oidhreachta a dhímheas.

Déantar dímheas ar aicmí móra réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus le CGAS 31 faoi seach.

Is mar a leanas atá na saolréanna úsáideacha agus na rátaí gaolmhara dímheasa/amúchta a bhaineann le haicmí móra sócmhainní caipitil.

<i>Aicme sócmhainní</i>	<i>Saolré úsáideach</i>	<i>Ráta dímheasa/amúchta</i>
Mótarfheithiclí	5 bliana	20%
Gléasra agus innealra	10 mbliana	10%
Trealamh	10 mbliana	10%
Crua-earraí agus trealamh TF	5 bliana	20%
Troscán agus feistis	10 mbliana	10%
Ceadúnais bogearraí	2-10 bliain	20%
Bogearraí faighte/forbartha	10 mbliana	10%

Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Oifig.

Comhlíontar an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Chathaoirleach. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go

mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí i ndáil le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna, párolla agus taistil a sholáthar do ghráid státseirbhíse.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasáíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Oifig seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.
- Tá creat rialachais chorparáidigh i bhfeidhm don oifig.

Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Tá ag an Oifig feidhm iniúcháireachta inmheánaí lena mbaineann pearsanra ag a bhfuil an oiliúint chuí. Feidhmíonn an fheidhm de réir cairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Oifig nochtá dóibh a cuid oibre agus bíonn a pleananna iniúcháireachta inmheánaí bliantúla, a bhíonn á gceadú agamsa i gcomhpháirt leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a tháinig chun cinn le déanaí maidir leis an líon iniúchtaí beartaithe a dhéanamh, neartaigh mé an fheidhm Iniúcháireachta Inmheánaigh trí Cheann Iniúcháireachta Inmheánaí a cheapadh ar leibhéal an Phríomhoifigigh agus mhéadaigh mé an acmhainn trí chonradh nua le comhpháirtí iniúcháireachta. I gcomhar leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun na moltaí a eascraíonn as tuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí agus go gcuirtear chun feidhme iad.

Soláthar

Cinntíonn an Oifig go mbíonn fócas cuí ann ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirínte ábhartha ar fad. B'ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí gairmiúla agus conraithe eile agus €781 mhiliún san iomlán sa bhliain 2024.

Thug an Oifig mionsonraí faoi 79 gconradh neamhiomaíochas de bhreis ar €25,000 (gan CBL a áireamh) dar luach iomlán €7.501 milliún sa tuairisceán bliantúil i dtaca le Ciorclán 40/2002 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitíúcháin.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chomhlíon an Oifig na treoirínte ach amháin i gcás 74 chonradh (de bhreis ar €25,000 (gan CBL a áireamh)) dar luach iomlán €16.281 milliún (gan CBL a áireamh) sa bhliain 2024, mar atá leagtha amach thíos.

- Íocadh €12.147 milliún le 35 soláthraí i gcás gur mhó luach an conartha ná an tairseach ábhartha a fógraíodh. Ba trí iarrataí iomaíochas ar thairiscintí a dámhadh na conarthaí sin.
- Íocadh €2.199 milliún le 18 soláthraí i gcás gur dámhadh an conradh go díreach gan aon cheadú chun gabháil do phróiseas neamhiomaíoch.
- Íocadh €1.935 milliún le 21 soláthraí i gcás gur soláthraíodh an conradh ar bhealach comhlíontach ar dtús ach gur leathnaíodh é gan aon cheadú le haghaidh próiseas neamhiomaíoch.

Tá an Oifig ag leanúint de spriocdhírú ar réimsí lena mbaineann neamhchomhlíonadh, rud lena n-áirítear bunú creataí nua. Mar sin féin, ní féidir 45 cinn de na cásanna inarbh ionann an caiteachas agus €13.193 milliún a cheartú toisc gur bhain an soláthar le hoibreacha caipitil agus le conarthaí a bhaineann le hoibreacha. Ní féidir iad sin a réiteach go cúlgabhálach toisc go bhfuil ceangaltas dlíthiúil ar an Oifig ina leith. Mar sin, ní mór leanúint le híocaíochtaí a dhéanamh go dtí go dtiocfaidh na conarthaí lena mbaineann chun deiridh.

Is le soláthar seirbhísí ginearálta a bhaineann na 29 gcás eile inarbh ionann an caiteachas agus €3.088 milliún. Tháinig roinnt conarthaí chun deiridh sa bhliain 2024 nó beidh siad ag teacht chun deiridh sa bhliain 2025 nuair a bheidh an tseirbhís

críochnaithe. I gcás seirbhísí athfhillteacha, cuireadh próisis nua soláthair i gcrích, tá próiseas nua soláthair ar bun nó tá athbhreithniú á dhéanamh ar na riachtanais ina leith.

Cuireadh naoi gcinn is tríocha de na conarthaí neamhchomhlíontacha ar áireamh sa tuairisceán bliantúil i dtaca le Ciorclán 40/2002 dá dtagraítear faoin gceanteideal 'Soláthar' thuas.

Tá an Oifig ag obair i dtreo comhlíonadh a bhaint amach agus gach Conradh amach anseo á soláthar.

Caiteachas Cothabhála Téarma Thomhaiste

Maidir le Conradh cothabhála téarma thomhaiste a rinneadh i mí Dheireadh Fómhair 2018, measadh go mbeadh luach €15 milliún air thar thréimhse trí bliana. Bhí rogha ann an Conradh a fhadú go ceann aon bhliain eile, rud a d'fhágfadh go mbeadh luach ionchais iomlán €20 milliún air. Sa bhliain 2024, thabhaigh OOP caiteachas iarbhir €0.5 milliún (2023: €2.5 milliún). Is ionann agus €125.5 milliún an caiteachas iomlán ar an gconradh sin go deireadh na bliana 2024.

Creat cothabhála téarma thomhaiste nua ar lorgaíodh tairiscintí lena aghaidh agus a bhfuil luach carnach réamh-mheasta €40 milliún aige thar cheithre bliana, cuireadh tús leis i mí na Bealtaine 2022. Ba é €24.2 milliún (2023: €20.9 milliún) an caiteachas ar an gcreat sin sa bhliain 2024. Is ionann agus €50.5 milliún an caiteachas iomlán ar an gconradh sin go deireadh na bliana 2024. Lorgaíodh tairiscintí sa tríú ráithe den bhliain 2025 le haghaidh creat nua chun teacht in ionad an chreata cothabhála téarma thomhaiste.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig lena ndéantar sainathint agus tuairiscíú ar príomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainathnítear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an Oifig agus rinneadh iad sin a shainathint, a mheas agus a ghrádú de réir a shuntasáí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus an fhreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainathníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainathnítear a thuairiscíú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á

dtreorú ag obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus na foirne ardbhainistíochta laistigh den Oifig atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Íocaíocht leis an tiarna talún roimhe

Ag deireadh mhí na Nollag 2024, rinneadh íocaíocht cíosa ab ionann agus €373,000 i leith réadmhaoine a bhí ar léas ag OOP leis an tiarna talún roimhe. Tháinig an tsaincheist chun cinn mar thoradh ar athrú úinéireachta a tharla tamaillín roimhe sin ar an réadmhaoin. Níor nuashonraíodh mionsonraí an tiarna talún nua go hiomlán le linn an phróisis athraithe úinéireachta agus, mar thoradh air sin, eisíodh an íocaíocht cíosa chuig an tiarna talún roimhe. Tugadh an íocaíocht iomlán ar ais chuig OOP go pras agus ní raibh aon chaillteanas ann don Státchiste. Tá rialuithe breise i bhfeidhm anois chun a chinntiú nach dtarlóidh cás den chineál céanna choíche.

Tionscadail faoi bhun €500,000

Tar éis iniúchadh inmheánach a bhain le cleachtais caiteachais caipitil OOP do thionscadail roghnacha faoi bhun €500,000, thángthas ar an gconclúid gur lean OOP roinnt cleachtas ionchais mar atá leagtha amach sa Chód Caiteachais Phoiblí/sna Treoirlínte Bonneagair agus gur leanadh na rialuithe ceadaithe airgeadais uile a bhí i bhfeidhm ag an am. Mar sin féin, tarraingíodh aird san iniúchadh inmheánach nár cuireadh an ceanglas chun measúnú simplí Luach ar Airgead a thaifeadh chun feidhme ar roinnt tionscadal faoi bhun €500,000. Eisíodh treoir nós imeachta nua a bhaineann le gach tionscadal oibreacha caipitil ina meastar go mbeidh an caiteachas iomlán faoi bhun €500,000 (gan CBL a áireamh).

Níor sainaitníodh aon laigí eile ar rialú inmheánach airgeadais i ndáil leis an mbliain 2024 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

John Conlon

Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na nOibreacha Poiblí

18 Meán Fómhair 2025

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digiúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Oifig na nOibreacha Poiblí agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiteiciúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go raibh leibhéal ábhartha neamhchomhlíontachta leis na rialacha náisiúnta soláthair i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2024.

Rialuithe na dtionscadal faoi bhun €500,000

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas maidir le saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais a tháinig chun cinn maidir le tionscadail a raibh costais mheasta faoi bhun €500,000 an ceann acu in 2024 agus na bearta atá á gcur i bhfeidhm chun rialuithe a neartú.

Ionad eolaíochta náisiúnta beartaithe a fhorbairt

Fiosraítear i gCaibidil 5 de mo *Thuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* do 2024 bunús agus forbairt chomhaontaithe chun áitreabh a sholáthar chun freastal ar ionad eolaíochta náisiúnta atá beartaithe i lár Bhaile Átha Cliath.

Bainistíocht Oifig na nOibreacha Poiblí ar chóiríocht oifige

Fiosraítear i gCaibidil 6 de mo *Thuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* le haghaidh 2024 gnéithe de bhainistíocht Oifig na nOibreacha Poiblí ar an bpunann maoinne oifige atá ina seilbh nó atá ar léas aici chun freastal ar ranna agus oifigí státseirbhíse.

Seamus MacCárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

28 Méan Fómhair 2025

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíríteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfeair le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainiúim na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúcháireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithníim le linn m'iniúchta.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainithníim aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí

Cuntas Leithreasa 2024

		2024		2023
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Bainistíocht Riosca Tuile a Fhreagraíonn don Aeráid			
	<i>Bunaidh</i>	140,152		
	<i>Forlíontach</i>	933		
			141,085	131,568
B	Bainistíocht eastát			111,681
	<i>Bunaidh</i>	504,962		
	<i>Forlíontach</i>	52,985		
			557,947	562,944
				545,872
Ollchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	645,114		
	<i>Forlíontach</i>	53,918		
			699,032	694,512
				657,553
<i>Lúide</i>				
C	Leithreasáí-i-gcabhair			
	<i>Bunaidh</i>	20,251		
	<i>Forlíontach</i>	3,569		
			23,820	31,655
				27,257
Glanchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	624,863		
	<i>Forlíontach</i>	50,349		
			675,212	662,857
				630,296

Barrachas

Dlítear barrachas na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státchiste.

	2024	2023
	€	€
Barrachas le géilleadh	12,354,807	16,608,617

John Conlon

Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na nOibreacha Poiblí

31 Márta 2025

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2024

	2024	2023
	€000	€000
Costas an chláir	607,306	583,665
Pá	70,240	58,427
Neamhphá	16,966	15,461
Ollchaiteachas	694,512	657,553
<i>Lúide</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair	31,655	27,257
Glanchaiteachas	662,857	630,296
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
<i>Réadmhaoín, gléasra agus trealamh</i>		
Ceannacháin	(13,090)	
Dímheas	7,518	
Diúscairtí - airgead tirim	5,081	
Cailteanas ar dhiúscairtí	1,997	
<i>Sócmhainní doláimhsithe</i>		
Ceannacháin	(45)	
Amúchadh	785	
	2,246	(39,402)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Méadú ar fhardail	(16)	
Méadú ar réamhíocaíochtaí	(525)	
Méadú ar sholáthairtí	443	
Laghdú ar ioncam fabhraithe	228	
Méadú ar speansais fhabhraithe	875	
Méadú ar ioncam iarchurtha	440	
	1,445	(3,759)
Caiteachas díreach	666,548	587,135
Caiteachas a iompraíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	(102,964)	(104,619)
Glanchostas an chláir ^{a b}	563,584	482,516

Nóta ^a Ní áirítear na nithe seo a leanas le glanchostas an chláir.

- Meastar gurb ionann agus €89.719 milliún (2023: €90.085 milliún) na measchíosanna is infhaighte ag OOP ar réadmhaoine atá faoi úinéireacht an Stáit. Meastar gurb ionann agus €2.209 milliún (2023: €2.209 milliún) na measchíosanna is iníoctha ag OOP.
- Ioncam barúlach ó chliantanna i leith seirbhísí a sholáthraíonn OOP saor in aisce faoi láthair.

^b Is ar áireamh i nglanchostas an chláir atá caiteachas a d'iompair OOP thar ceann ranna eile nó comhlachtaí eile agus aon ghné chaipitil de sheirbhísí gaolmhara, a measadh a bheith cothrom le €196 mhilliún (2023: €223 mhilliún).

Nóta 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 13 a iompraíodh in áit eile, glan ar sheirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

	2024	2023
	€000	€000
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	62	60
Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	27,290	26,229
Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	99	97
Vóta 43 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	26	53
Costas cionroinnte na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile ^a	(130,441)	(131,058)
	(102,964)	(104,619)

Nóta ^a De bhreis ar luach na seirbhísí a soláthraíodh gan aon mhúirear ar vótaí eile atá léirithe anseo (€130.441 milliún), soláthraíodh freisin seirbhísí a raibh costas ab ionann agus thart ar €21.132 milliún (2023: €19.921 milliún) ag baint leo gan aon mhúirear ar chomhlachtaí poiblí neamhvótáilte eile.

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

	Nóta	2024	2023
		€000	€000
Sócmhainní seasta			
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh	2.1	4,009,582	3,831,053
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	4,110	4,850
		4,013,692	3,835,903
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	67,010	147,793
Fardail	2.4	1,844	1,828
Réamhíocaíochtaí	2.5	29,524	28,999
Ioncam fabhraithe	2.6	2,417	2,645
Iarmhéideanna dochair eile	2.7	8,082	16,020
		108,877	197,285
<i>Lúide</i>			
Dlíteanais reatha			
Soláthairtí	2.8	443	—
Speansais fhabhraithe	2.9	13,500	12,625
Ioncam iarchurtha	2.10	681	241
Iarmhéideanna sochair eile	2.11	72,732	147,206
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.12	2,360	16,607
		89,716	176,679
Glansócmhainní reatha		19,161	20,606
Glansócmhainní		4,032,853	3,856,509
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.13	4,032,853	3,856,509

2.1 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

	Talamh agus foirgnimh €000	Feithiclí agus trealamh €000	Trealamh oifige agus TF €000	Troscán agus feistis €000	Sócmhainní atá á bhforbairt ^d €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil ^a						
Ag an 1 Eanáir 2024	3,736,317	71,751	21,465	24,364	56,698	3,910,595
Breiseanna	3,285	8,619	703	483	116,084	129,174
Diúscairtí	(6,885)	(2,324)	—	—	—	(9,209)
Gnóthachan athluachála ^b	62,696	—	—	—	—	62,696
Coigeartú ^c	—	(133)	(43)	(45)	—	(221)
Ag an 31 Nollaig 2024	3,795,413	77,913	22,125	24,802	172,782	4,093,035
Dímheas carntha						
Ag an 1 Eanáir 2024	—	44,520	18,931	16,091	—	79,542
Dímheas don bhliain	—	6,539	767	212	—	7,518
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(2,131)	—	—	—	(2,131)
Coigeartú ^e	—	(1,604)	(38)	166	—	(1,476)
Ag an 31 Nollaig 2024	—	47,324	19,660	16,469	—	83,453
Glansócmhainní						
Ag an 31 Nollaig 2024	3,795,413	30,589	2,465	8,333	172,782	4,009,582
Ag an 31 Nollaig 2023	3,736,317	27,231	2,534	8,273	56,698	3,831,053

Nóta ^a Áirítear leis seo sócmhainní áirithe a fuarthas ar chostas faoi bhun €10,000 roimh an 1 Eanáir 2020.

^b Is é an gnóthachan athluachála an glantoradh ar athbhreithniú athluachála ar shócmhainní a rinneadh mar chuid den aistriú chuig comhlíonadh Chaighdeán Cuntasaíochta an Rialtais Láir (CGAS) 17.

^c Rinneadh an coigeartú chun taifeadadh dúblach sócmhainní áirithe a cheartú.

^d Baineann na costais le tógáil Chríochfort 7 de chuid Eoraphort Ros Láir.

^e Rinneadh an coigeartú chun muirir dhímheasa a cheartú chun an ráta dímheasa cuí a chur chun feidhme i gcomhréir le CGAS 17.

Luacháil ar thalamh agus foirgnimh

Mar atá leagtha amach sa ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta, luacháiltear sócmhainní trí roinnt bonn luachála a úsáid. Tá líon na bhfoirgneamh agus an luach gaolmhar faoi gach bonn luachála a úsáideadh leagtha amach thíos.

Boinn luachála ^a	2024		2023	
	Líon na bhfoirgneamh	€000	Líon na bhfoirgneamh	€000
Margadhluach	292	1,296,569	294	1,236,747
Gnásanna costais tógála	505	701,466	512	705,119
Costas	155	869,472	151	866,545
Réadmhaoine ardghradaim (costas athsholáthair)	11	927,906	11	927,906
Réadmhaoine oidhreachta (luach nialasach)	727	—	727	—
Ilghnéitheach ^b	203	—	216	—
	1,893	3,795,413	1,911	3,736,317

Nóta a Mar gheall ar athbhreithniú athluachála ar shócmhainní mar chuid den aistriú chuig Caighdeán Chuntasaíochta an Rialtais Láir agus chun na caighdeáin sin a chomhlíonadh, athraíodh bonn luachála roinnt sócmhainní sa bhliain.

